Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Bí Cineálta: Nósanna Imeachta chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna


Leabhrán Foghlaim Ghairmiúil

2024-2025

CC BY NC


## Cur Chuige Oideachais Uile chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi

Rinneadh na naoi gcinn de phríomh-chomhpháirteanna a shainaithint le bheith mar chuid de chur chuige oideachais uile ar féidir leis a bheith mar chabhair chun bulaíocht agus cibearbhulaíocht a laghdú. Athfhoilsithe le cead ó EOECNA.




Foinse: EOECNA agus Ministère de l'éducation nationale, de la jeunesse et des sports (An Fhrainc), 2020, lch 3) / cóipcheart dearaidh: Creidiúintí Deilbhíní EOECNA: Alx1618/Shutterstock.com; mamanamsai/Shutterstock.com; VoodooDot/Shutterstock.com; Sviatlana Sheina/Shutterstock.com; D Line/Shutterstock.com; kosmofish Pavlo S/Shutterstock.com

# An bulaíocht í?




Más freagra **dearfach** a bhíonn ar gach ceann de na ceisteanna, is iompar bulaíochta é an t-iompar agus ba chóir aghaidh a thabhairt ar an iompar trí Nósanna Imeachta Bí Cineálta a úsáid.

Más diúltach an freagra ar aon cheann de na ceisteanna, ní iompar bulaíochta é an t-iompar. Cuirtear straitéisí ar fáil chun déileáil le hiompar míchuí laistigh de Chód Iompair na scoile.

## Nótaí ar Chásanna

# Bí Cineálta: Ag dul i ngleic le hIompraíocht Bhulaíochta

Déan tagairt do bhur bPolasaí Bí Cineálta, Alt 6 agus Treoir Aguisín C

**Tuairiscítear iompraíocht bhulaíochta. Ba chóir don mhúinteoir/do na múinteoirí atá freagrach...**

Ní mór GACH eachtra bulaíochta a chur san áireamh sa nuashonrú ar iompraíocht bhulaíochta.

### 1 A chinneadh ar tharla nó nár tharla iompraíocht bhulaíochta.

Déanann an múinteoir/na múinteoirí imscrúdú de réir pholasaí na scoile. Taifeadtar de réir Alt 6.5.

**Murach bulaíocht a bhíonn i gceist** leis an iompar, déileáil leis de réir an Chóid Iompair agat.

**Más BULAÍOCHT a bhíonn i gceist,** lean ar aghaidh chuig Céim 2.

### 2 An iompar bulaíochta a thaifeadadh agus aghaidh a thabhairt air.

Taifeadtar de réir pholasaí Bí Cineálta agus Alt 6.5, Bí Cineálta.

Cuirtear tuismitheoir(í) na bpáirtithe atá i gceist ar an eolas go luath.

Comhlánaítear gníomhartha comhaontaithe, de réir do pholasaí Bí Cineálta, déantar monatóireacht agus meastóireacht.

### 3 Athbhreithniú a dhéanamh.

**Gan níos mó ná 20 lá scoile tar éis tús a chur leis an bplé**, déantar athbhreithniú le dalta(í) agus tuismitheoir(í).

### 4 A chinneadh an bhfuil deireadh leis an iompar bulaíochta

Má tá deireadh leis an mbulaíocht, lean ort ag déanamh monatóireachta.

**Mura bhfuil deireadh leis an mbulaíocht**, déan athbhreithniú ar straitéisí, lorg tacaíocht sheachtrach, más cuí, agus déan athbhreithniú laistigh den tréimhse ama chomhaontaithe.

### 5 Nuashonrú a dhéanamh ar an iompar bulaíochta.

Ní mór don Phríomhoide gach iompraíocht bhulaíochta a chur san áireamh ina eolas is déanaí chuig an mbord.

Tugann an Príomhoide uasdátú ó bhéal don bhord.

Athbhreithnítear an polasaí, más gá.

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

## Bulaíocht a Chosc agus na 4 Phríomhréimse Folláine


| *Ceisteanna le meabhrú orthu:* | |
|---|---|
| *Cad é atá á dhéanamh againn faoi láthair sna Ceithre Phríomhréimse Folláine chun iompar bulaíochta a chosc?* | *An bhfuil aon Phríomhréimsí ann a d'fhéadfaí a fhorbairt tuilleadh?* |
| *Cad iad na dúshláin atá roimh na páirtithe leasmhara?* | *Conas a d'fhéadfaimis é sin a dhéanamh?* |

*Úsáid an tábla thíos chun straitéisí féideartha coiscthe bulaíochta a thaifeadadh*

| Cultúr agus Timpeallacht | Curaclam |
|---|---|
| | |
| **Caidrimh** | **Polasaí agus Pleanáil** |
| | |

# Bí Cineálta: Na Chéad Chéimeanna Eile againn

Gníomh | Cé/Cén uair?



# CEISTEANNA SAMPLACHA

## DALTAÍ

- An áit shona shábháilte í do scoil?
- An áit shona shábháilte í do sheomra ranga?
- An eol duit cén rud é iompar bulaíochta?
- Ar fhoghlaim tú faoi bhulaíocht sa scoil seo?
- An bhfuil bulaíocht á déanamh ort ar bhealach ar bith?
- An bhfuil aon duine sa rang a bhfuil tromaíocht á déanamh air?
- An bhfuil aon duine á fhágáil amach, nó neamhaird á tabhairt air d'aon turas?
- An bhfuil aon duine ag scaipeadh ráflaí nó cúlchaint ar líne nó as líne?
- An bhfuil daltaí ó ranganna eile ag tabhairt drocham do dhuine ar bith sa rang seo?
- An bhfuil aon áiteanna ar scoil ina mothaíonn tú míshábháilte? (m.sh.: clós, leithris, srl...)
- An bhfuil aon áiteanna ar an mbealach chun na scoile nó ar an mbealach abhaile ina mothaíonn tú míshábháilte? An bhfaca tú iompar bulaíochta le déanaí?
- Cár tharla sé? An bhfuil duine fásta anseo ar scoil a bhféadfá labhairt leis más amhlaidh gur mhothaigh tú buartha faoi bhulaíocht nó go raibh bulaíocht á déanamh ort?

## TUISMITHEOIRÍ

- An mothaíonn do leanbh/leanaí sábháilte sa scoil seo againn?
- An bhfaca tú polasaí Frithbhulaíochta na scoile?
- An bhfuil a fhios agat conas teacht ar pholasaí Frithbhulaíochta na scoile?
- An bhfuil a fhios agat cé leis ar cheart teagmháil a dhéanamh má bhíonn imní ort maidir le hiompar bulaíochta?
- An mbraitheann do pháiste gur féidir leis labhairt le ball d'fhoireann na scoile má bhíonn imní nó buaireamh air/uirthi faoi iompar bulaíochta?
- Ar fhulaing do pháiste/pháistí iompar bulaíochta riamh sa scoil seo?
- Ar ghlac do pháiste/pháistí páirt in iompar bulaíochta riamh?
- An bhfaca do pháiste/pháistí iompar bulaíochta riamh?
- Más eol, an raibh tú sásta leis an gcaoi ar déileáladh leis seo?
- An mbraitheann tú gur ghabh an scoil seo orthu féin déileáil le hiompar bulaíochta agus é a chosc?
- An bhfuil aon rud eile a ba mhaith leat a rá faoi chur chuige na scoile seo maidir le hiompar bulaíochta a chosc agus aghaidh a thabhairt air?

## FOIREANN

- An bhfaca tú polasaí Frithbhulaíochta na scoile?
- An bhfuil a fhios agat conas teacht ar pholasaí Frithbhulaíochta na scoile?
- An bhfuil a fhios agat cé atá freagrach as iompar bulaíochta a fhiosrú agus freagairt dó i do rang/scoil?
- An raibh tú rannpháirteach in aon fhoghlaim ghairmiúil sa réimse seo?
    - Mura raibh, conas a d'fhéadfá uas-sciliú a dhéanamh chun a chinntiú gur féidir leat tacú le polasaí Bí Cineálta na scoile?
- Cad iad na straitéisí sonracha oideachais agus coisctheˆa úsáideann tú i do rang/scoil?
- Ar tuairiscíodh eachtra d'iompar bulaíochta duit riamh sa scoil seo?
    - Cén chaoi ar phléigh tú leis an iompar bulaíochta sin? An raibh tú sásta leis an toradh?
- Cén áit is dóichí a tharlóidh iompar bulaíochta sa scoil seo?
- An mbraitheann tú go bhfuil an scoil seo tiomanta chun déileáil le hiompraíocht bhulaíochta agus í a chosc?
- An bhfuil aon rud eile a ba mhaith leat a rá faoi chur chuige na scoile seo maidir le hiompar bulaíochta a chosc agus aghaidh a thabhairt air?